




Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
Health Service Executive


Cárta Leighis agus Cárta Cuirte Foirm Iarratais

MC1

Cé ba chóir dóibh an foirm seo a líonadh?

Duine ar bith atá ag déanamh iarratais ar Chárta Leighis nó ar Chárta Cuirte DT – déanfar measúnú ort maidir leis an dá chárta. An raibh fhios agat go bhfuil sé níos tapúla iarratas a dhéanamh ar líne? www.mymedicalcard.ie 

Conas a ndéanfaidh mé iarratas ar Chárta Leighis nó ar Chárta Cuirte Dochtúra?

- Céim 1. Tá an foirm seo fada de bharr gur mhaith linn an t-eolas atá ag teastáil a phróiseáil chomh tapa agus is féidir. Beidh ort na codanna den foirm a bhaineann leat a líonadh. Ní bhíonn feidhm i gcónaí le Cuid 3 (mura bhfuil leanaí cleithiúnacha agat) agus ní bhíonn feidhm i gcónaí le Cuid 4 ná 5
- Seo a leanas na naoi gcuid den foirm:
- Cuid 1: Dearbhú agus toiliú (le léamh agus le síniú)
 - Cuid 2: Sonraí Pearsanta
 - Cuid 3: Leanaí Cleithiúnacha
 - Cuid 4: Iarratas á dhéanamh faoi rialacháin an AE nó faoi chomhaontú na Ríochta Aontaithe
 - Cuid 5: Sonraí Ioncaim
 - Cuid 6: Costais Teaghlaigh
 - Cuid 7: Rogha Dochtúra /glacadh do dhochtúra leat / do pháirtí nó do theaghlach
 - Cuid 8: Ráiteas um Chosaint Sonraí
- Céim 2. Iarrtar fótachóipeanna de cháipéisí agus fianaise eile san foirm seo, mar sin, ní mór duit nótaíl cad is gá duit a sheoladh chugainn ar do shon féin agus ar son daoine eile (más cuí) maraon le d'fhoirm chomhlánaithe.
- Cuir tic sna boscaí beaga atá curtha ar fáil de réir mar a bhailíonn tú fianaise dúinn. Iarrtar ort gan buncháipéisí a sheoladh chugainn mar nach seolfar ar ais iad.
- Céim 3. Léigh an foirm sula líonann tú isteach í. Ná déan dearmad Cuid 1 a shíniú. Ná tabhair ainm nó sonraí ar an bhfoirm seo d'aon chleithiúnach nach bhfuil ina c(h)ónaí leat go lánaimseartha
- Céim 4. Caithfear síniú agus stampa ó do dhochtúir agus dochtúir do chéile/pháirtí a bheith ar Chuid 7 den foirm. Ní mór conradh a bheith ag an dochtúir/na dochtúirí le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
- Céim 5. Léigh Cuid 8 faoi do chearta faoi Chosaint Sonraí
- Céim 6. Seol an foirm comhlánaithe agus cóipeanna de na cáipéisí go léir chuig: Aonad Náisiúnta na gCártaí Leighis, Bosca Poist 11745, Baile Átha Cliath 11. Nó déan iarratas ar líne www.mymedicalcard.ie 

Cabhair de dhíth?

Léigh an leathanach seo agus (C agus F) ar an dá leathanach eile. Má tá tuilleadh cabhrach de dhíth, téigh chuig www.medicalcard.ie, seol ríomhphoist chuig clientregistration@hse.ie, nó íosghlao 0818 224 478.

C1. Cé atá in ann iarratas a dhéanamh ar Chárta Leighis nó ar Chárta Cuairte Dochtúra?

Is féidir le duine ar bith a bhfuil 'gnáthchónaí' orthu i bPoblacht na hÉireann iarratas a dhéanamh. Ciallaíonn 'gnáthchónaí' go bhfuil tú i do chónaí anseo agus go bhfuil sé ar intinn agat bheith i do chónaí anseo ar feadh bliana ar a laghad

C2. Conas is féidir liom foirm iarratais a chomhlánú i mBearla?

If you wish to complete an application form in English and receive all your correspondence in English, please contact Lo-Call 0818 224 478 or visit www.hse.ie to download the English version.

C3. Conas is féidir liom cáiliú do Chárta Leighis nó do Chárta Cuairte Dochtúra?

Féachaimid ar d'ioncam teaghlaigh tar éis cáin, ÁSPC (árachas pá-choibhneasa) agus MSU (Muirear Sóisialta Uilíoch) a bheith asbhainte. Féachaimid freisin ar chostais ar nós

- cíos
- morgáiste
- costais chothabhála
- cosaint morgáiste
- árachais tí
- teach altranais
- cúram leanaí
- costais taistil

Má bhíonn an méid airgid tar éis costais a bhaint ó d'ioncam teaghlaigh níos lú ná na 'teorainneacha cáilitheachta ioncaim', eiseofar cárta duit féin agus dod chleithiúnaithe. Is treoirínte airgeadais iad teorainneacha cáilitheachta ioncaim ar ghá duit a chomhlíonadh chun cáiliú do Chárta Leighis nó do Chárta Cuairte Dochtúra.

Is féidir breis eolais a fháil i dtaobh na teorainneacha cáilitheachta ioncaim ar www.medicalcard.ie

C4. Má fhaighim Cárta Leighis nó Cárta Cuairte Dochtúra, an gclúdaíonn sé mo theaghlach freisin?

Má tá d'ioncam teaghlaigh lastigh de na teorainneacha ioncaim, clúdóidh an cárta:

- tú féin
- do pháirti/do chéile
- do leanaí atá faoi 16 bliana d'aois

Más rud é go bhfuil do leanaí idir 16 agus 25 bliana d'aois agus go a n-ioncaim níos lú ná €164, go gcónaíonn siad leatsa, nó go bhfuil siad as baile ag freastal ar scoil nó ar choláiste i bPoblacht na hÉireann, gheobhaidh siadsan cárta freisin. Ní mór dóibh a bhfoirm iarratais féin a chomhlánú agus a sheoladh chugainn.

C5. Táim idir 16 agus 25. Conas a dhéanaim iarratas?

Braitheann sé ar d'ioncam. Féach ar 1, 2 nó 3 thíos chun a chinntiú cé acu a bhaineann leat.

1. Má tá d'ioncam seachtainiúil €164 nó níos mó, caithfidh tú na codanna cuí den fhoirm iarratais seo a líonadh.
2. Má tá d'ioncam seachtainiúil níos lú ná €164 agus mura bhfuil Cárta Leighis reatha ag do thuismitheoir(i) nó ag do chaomhnóir(i), caithfidh siadsan na codanna cuí d'fhoirm iarratais eile a chomhlíonadh agus a sheoladh chugainn in éineacht le d'fhoirm chomhlánaithe féin.
3. Má tá d'ioncam seachtainiúil níos lú ná €164 agus go bhfuil Cárta Leighis reatha ag do thuismitheoir(i) nó ag do chaomhnóir(i), ní mór duit an fhoirm iarratais seo a líonadh agus uimhir Chárta Leighis do thuismitheoirí nó do chaomhnóirí a chur san áireamh ar leathanach 7.

C6. Sa chás is go bhfuil ioncam an teaghlaigh os cionn na Teorainneacha Cháilitheachta Ioncaim? (féach C3 ar leathanach 2 don sainmhíniú)

Más é seo an cás, d'fhéadfaí Cárta Leighis nó Cárta Cuairte Dochtúra a thabhairt duit féin agus dod chleithiúnaithe má tá cúinsí deacra pearsanta i gceist a chuireann brú airgeadais ort – mar shampla, ball teaghlaigh a bhfuil tinneas ainsealach air/uirthi. Ní mór duit fianaise ar na cúinsí sin a sheoladh chugainn le d'fhoirm iarratais comhlánaithe, mar shampla, tuarascáil leighis agus admhálacha ar chostaisí leighis.

C7. An dtógfar mo chuid coigilteas agus infheistíochtaí san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar m'ioncam?

Braitheann sé. Ní thógfar coigilteas ná infheistíochtaí de na méideanna seo thíos san áireamh:

- suas go €36,000 do dhuine singil, nó
- suas go €72,000 do lánúin.

Déanfar measúnú ar aon choigilteas nó infheistíochtaí os cionn na méideanna sin.

Q8. Conas iarratas ar Chárta Leighis a dhéanamh faoi Rialacháin na hEorpa (AE)?

Is féidir leat iarratas a dhéanamh ar Chárta Leighis faoi Rialacháin an Aontais má chomhlíonann tú an dá riachtanais seo thíos. Tá tú féin agus do chéile agus do chleithiúnaithe:

- árachaithe faoi reachtaíocht slándála sóisialta ballstáit eile de chuid an AE/LEE nó na hEilvéise, agus ag fáil pinsean slándála ón stát sin nó ag obair agus ag íoc árachais shóisialta sa stát sin, agus
- faoi réir reachtaíocht slándála sóisialta na hÉireann. (Tagann tú faoi réir reachtaíocht slándála sóisialaí na hÉireann má tá íocaíocht ranníocach leasa shóisialaigh Éireannach á fáil agat bunaithe ar ranníocóirí ÁSPC nó má tá tú faoi réir ÁSPC i Stát na hÉireann. Is árachas sóisialta pá-choibhneasa é ÁSPC.)

Má chomhlíontar iad seo, is féidir leat do theidlíocht ar “Cúram Sláinte faoi Rialacháin an AE” a éileamh. Cuid 4.

Más oibrí trasteorann nó oibrí ar phostú thú, nó más pinsinéir thú nó má tá tú ag braith ar dhuine atá árachaithe i dtír eile AE/LEE nó san Eilvéis, is féidir leat iarratas a dhéanamh ar chárta leighis faoi Rialacháin AE trí:

- Iarratas a dhéanamh ar líne ar chárta leighis agus uaslódáil a dhéanamh ar fhoirm S1, a d'éisigh ballstát AE/LEE nó an Eilvéis, duit féin agus/nó do chéile agus do chleithiúnaithe.

Nó

- Codanna 1, 2, 3, 4 agus 8 (don dochtúir) den fhoirm iarratas seo a chomhlánú chomh maith le cóip d'fhoirm S1, a d'éisigh ballstát AE/LEE nó an Eilvéis, duit féin agus/nó do chéile agus/nó do chleithiúnaithe.

Más oibrí trasteorann nó oibrí ar phostú thú, nó más pinsinéir thú nó má tá tú ag brath ar dhuine atá árachaithe sa Ríocht Aontaithe, is féidir leat iarratas a dhéanamh ar chárta leighis faoi Rialacháin AE trí:

- Iarratas a dhéanamh ar líne ar chárta leighis agus cóip de dheimhniú ar do phinsean seanaoise ón Roinn um Obair agus Pinsin (más pinsinéir thú) nó duillín pá úrnua má tá tú fostaithe, in ionad foirm S1 ón Ríocht Aontaithe.

Nó

- Codanna 1, 2, 3, 4 agus 8 (don dochtúir) den fhoirm iarratais seo a chomhlánú agus cóip de dheimhniú ar do phinsean seanaoise ón Roinn um Obair agus Pinsin (más pinsinéir thú) nó duillín pá úrnua má tá tú fostaithe, in ionad foirm S1 ón Ríocht Aontaithe.

Mura bhfuil do chéile nó do pháirtneir ná do chleithiúnaithe clúdaithe do Chúram Sláinte faoi Rialacháin an Aontais Eorpaigh, ní mór duit an fhoirm iarratais seo a chomhlánú ina hiomláine..

Cuid 1 – Dearbhú agus toiliú

Sula líonann tú an chuid seo den fhoirm, léigh an t-eolas thábhachtach seo a leanas go cúramach maidir leis an t-eolas a thugann tú dúinn i d'iarratas. Síneadh thíos má aontaíonn tú lena bhfuil ar an leathanach seo – agus cuir an dáta leis.

De réir an dlí, d'fhéadfaí fineáil, príosúnacht nó an dá rud a ghearradh ar dhuine ar bith a thugann eolas bhréagach d'aon turas ar an bhfoirm seo, nó a choinníonn siar d'aon turas eolas atá ábhartha do mheasúnú incháilitheachta do Chárta Leighis agus do Chárta Cuairte Dochtúra.

Chomh maith leis sin, de réir an dlí, d'fhéadfaí fineáil a ghearradh ar dhuine ar bith nach n-insíonn do FSS faoi athrú ar chuinsí a bheadh tionchar acu ar a gcáilitheacht do Chárta Leighis nó do Chárta Cuairte Dochtúra.

Tá sé de cheart ag FSS athbhreithniú agus athruithe a dhéanamh, mar is cuí, ar stádas incháilitheachta do Chárta Leighis agus do Chárta Cuairte Dochtúra ag am ar bith.

Dearbhú agus toiliú

Léigh na ráitis seo le do thoil. Má aontaíonn tú leo, comhlánaigh agus síneadh nó marcáil an fhoirm thíos, le do thoil.

Ráitis:

- Dearbháim/Dearbhaím go bhfuil gnáthchónaí orm/orainn in Éirinn. Ciallaíonn “gnáthchónaí” go bhfuil cónaí ort in Éirinn agus go bhfuil sé ar intinn agat cónaí anseo ar feadh níos mó ná bliain amháin.
- Déanaim/Déanaimid iarratas ar Chárta Leighis / Cárta Cuairte Dochtúra.
- Dearbháim/Dearbhaím go bhfuil an t-eolas a thugtar san iarratas seo ceart chomh fada agus is eol dom/dúinn.
- Aontaím/Aontaím go bhféadfaidh FSS dul i dteagmháil le Ranna Rialtais eile lena n-áirítear an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí agus na Coimisinéirí Ioncaim trí chórais fíor-ama chun faisnéis ar chóir a sholáthar mar cháipéisíocht tacaíochta a dheimhniú.
- Aontaím/Aontaím go gcuirfidh mé/muid FSS ar an eolas láithreach faoi athrú ar bith a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do mo cháilitheacht/ár n-incháilitheacht do sheirbhísí sláinte.
- Aontaím/Aontaím go bhféadfaidh FSS dul i dteagmháil le Ranna Rialtais eile, lena n-áirítear an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí agus na Coimisinéirí Ioncaim chun an t-eolas atá tugtha agam/againn a dheimhniú.
- Aontaím/Aontaím go ndéanfaidh Dochtúir SACP de chuid FSS teagmháil le dochtúirí nó gairmithe sláinte eile, a bhfuil baint acu le cúram na ndaoine atá ainmnithe ar an iarratas seo, le tuilleadh eolais a fháil atá ábhartha don mheasúnú ar an iarratas seo. [Is ionann an SACP agus an tSeirbhís Aisíocaíochta Bunchúraim, i.e. an tseirbhís a atá ag deáileáil le hiarratais]
- Aontaím/Aontaím go gcoinneoidh mé/muid Aonad Náisiúnta na gCártaí Leighis de chuid FSS ar an eolas faoi aon athrú ar sheoladh nó ar shonraí pearsanta eile le gur féidir le FSS mo/ár s(h)onraí pearsanta a choimeád cruinn agus cothrom le dáta.
- Má tá duine teagmhála ainmnithe agam/againn chun gníomhú ar mo/ár son, tugaim/tugaimid cead do FSS déileáil go díreach leis an teagmhálaí ainmnithe sin, maidir le gach gné de m'iarratas. D'fhéadfadh roinnt eolas príobháideach a bheith san áireamh ansin.

	Siniú: <input type="text" value="X"/>	Dáta:	<input type="text" value="L"/>	<input type="text" value="L"/>	<input type="text" value="M"/>	<input type="text" value="M"/>	<input type="text" value="B"/>	<input type="text" value="B"/>	<input type="text" value="B"/>	<input type="text" value="B"/>
--	---------------------------------------	-------	--------------------------------	--------------------------------	--------------------------------	--------------------------------	--------------------------------	--------------------------------	--------------------------------	--------------------------------

Mura bhfuil tú ábalta an fhoirm a shíniú, ba cheart do mharc a dhéanamh thíos anseo. Cuir do mharc anseo:

Teagmhálaí ainmnithe

(Ní gá don duine teagmhála ainmnithe an chuid seo a líonadh ach amháin mura bhfuil an t-iarrthóir in ann iarratas a dhéanamh iad féin. Ní mór cead an t-iarrthóra a fháil roimh an fhoirm a líonadh ar a s(h)on.

Céad Ainm(neacha):

Sloinne:

Seoladh:

<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/>
<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/>
<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/>

Fón Lae:

Gaol leis an iarrthóir:

Sonraí do chéile nó do pháirtí

Céad Ainm: : Sloinne:

Uimhir PSP:

Dáta breithe: Inscne: Fireann Baineann

Náisiúntacht:

Cé chomh fada atá cónaí ort in Éirinn?

Bhfuil gnáthchónaí ort in Éirinn? (I do chónaí anseo nó i gceist agat cónaí anseo ar feadh bliana ar a laghad) Tá Níl

Cuid 3 – Do Leanaí Chleithiúnaithe

Ba chóir cleithiúnaithe atá idir 16 agus 25 bliana d'aois ar scoil nó ar choláiste, nó a fhaigheann ioncam atá níos lú ná €164 sa tseachtain, a áireamh ar an iarratas seo. Ní mór dóibh a bhfoirm iarratais féin a chomhlánú freisin. Níor chóir do chleithiúnaithe atá ina gcónaí le tuismitheoir nó le caomhnóir eile a chur san áireamh anseo.

Céadainm: Sloinne:

Uimhir PSP:

Dáta breithe: Inscne: Fireann Baineann

An gaol atá acu leat: Oideachas Dara Leibhéal Nó 3ú Leibhéal

Ag fáil deontas 3ú Leibhéal: Tá Níl

Céadainm: Sloinne:

Uimhir PSP:

Dáta breithe: Inscne: Fireann Baineann

An gaol atá acu leat: Oideachas Dara Leibhéal Nó 3ú Leibhéal

Ag fáil deontas 3ú Leibhéal: Tá Níl

Céadainm: Sloinne:

Uimhir PSP:

Dáta breithe: Inscne: Fireann Baineann

An gaol atá acu leat: Oideachas Dara Leibhéal Nó 3ú Leibhéal

Ag fáil deontas 3ú Leibhéal: Tá Níl

Céadainm: Sloinne:

Uimhir PSP:

Dáta breithe: Inscne: Fireann Baineann

An gaol atá acu leat: Oideachas Dara Leibhéal Nó 3ú Leibhéal

Ag fáil deontas 3ú Leibhéal: Tá Níl

Úsáid leathanach ar leith do leanaí breise sa chatagóir seo

Cuid 4 – An bhfuil iarratas á dhéanamh agat faoi rialacháin an Aontais Eorpaigh nó na Ríochta Aontaithe?

Ná comhlánaigh ach cuid 4a agus/nó 4b má tá iarratas á dhéanamh agat ar Chúram Sláinte faoi Rialacháin an AE, léigh leathanach 3 agus leathanach 4 chun cabhair agus eolas a fháil.

4a. Fostaíocht – fostaithe ag Ballstát eile de chuid an AE/LEE, ag an Eilvéis nó ag an Ríocht Aontaithe.

C. Cad is gá duit a chur ar fáil má tá tú fostaithe ag ballstát eile de chuid an AE/LEE, ag an Eilvéis nó ag an Ríocht Aontaithe agus má tá tú i mbun iarratas faoi rialacháin an AE agus má tá cónaí ort anois i bPoblacht na hÉireann?

F. Má tá tú ag obair mar oibrí trasteorann nó ar phostú agus má tá tú fostaithe ag cuideachta nó eagraíocht atá lonnaithe sa Ríocht Aontaithe, beidh ort do dhuillín pá reatha a sholáthar.

Má tá tú ag obair mar oibrí imeallchríche nó mar oibrí ar postú agus má tá tú fostaithe ag cuideachta nó ag eagraíocht atá lonnaithe i mballstát AE/LEE nó san Eilvéis, beidh ort foirm E106 nó S1 a chur ar fáil.

Má tá tú ag brath ar dhuine a chónaíonn i mballstát AE/LEE eile, san Eilvéis nó sa Ríocht Aontaithe, beidh ort foirm E109 nó S1 a chur ar fáil

	AE/LEE nó an Eilvéis	Ríocht Aontaithe	Fianaise faoi iamh
Iarrthóir	Foirm E106 nó S1 <input type="checkbox"/>	Duillín pá le déanaí <input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
	Foirm E109 nó S1 <input type="checkbox"/>		
Do chéile nó do pháirtí	Foirm E106 nó S1 <input type="checkbox"/>	Duillín pá le déanaí <input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
	Foirm E109 nó S1 <input type="checkbox"/>		

4b. Pinsean – pinsean á fháil ó Bhallstát eile AE/LEE, ón Eilvéis nó ón Ríocht Aontaithe.

C. Céard is gá duit a chur ar fáil má tá pinsean á fháil agat ó bhallstát eile AE/LEE, ón Eilvéis nó ón Ríocht Aontaithe agus go bhfuil tú ag déanamh iarratais faoi rialacháin an AE agus tú i do chónaí anois i bPoblacht na hÉireann?

F.

- Má tá pinsean stáit á fháil agat ón Ríocht Aontaithe, beidh ort litir a chur ar fáil ón Roinn um Obair agus Pinsin (DWP) ina ndeimhnítear an pinsean sin.
- Má tá pinsean á fháil agat ó bhallstát AE/LEE nó ón Eilvéis, beidh ort foirm E121 nó S1 a sholáthar.
- Má tá tú ag brath ar dhuine a chónaíonn i mballstát eile AE/LEE, san Eilvéis nó sa Ríocht Aontaithe, beidh ort foirm E109 nó S1 a sholáthar.

	AE/LEE nó an Eilvéis	An Ríocht Aontaithe	Fianaise faoi iamh
Iarrthóir	Foirm E121 nó S1 <input type="checkbox"/>	Litir ón Roinn um Obair agus Pinsin (DWP) <input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
Céile nó páirtneir	Foirm E109 nó S1 <input type="checkbox"/>	Litir ón Roinn um Obair agus Pinsin (DWP) <input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>

An dteastaíonn uait go ndéanfaí measúnú ar do chéile nó ar do pháirtí agus/nó ar do theaghlach le haghaidh Cárta Leighis mura gcáilíonn siad faoi Rialacháin an Aontais Eorpaigh?

Tá Níl

Cuid 5 – Sonraí ioncaim

(Tabhair sonraí le do thoil faoi gach ioncam a fhaigheann tú féin agus do chéile nó do pháirtí)

A. Íocaíocht Leasa Shóisialaigh

C. Cad is gá duit féin agus do chéile / do pháirtí (más ann dó/di) a chur ar fáil má fhaigheann duine nó an bheirt agaibh íocaíocht leasa shóisialaigh?

F. Má tá tú ar shaoire bhreiteachta, ar shaoire cúramóra nó ar shaoire mháithreachais agus mura bhfaigheann tú aon íocaíocht ó fhostóir, ní mór duit féin agus do chéile/páirtí (más ábhartha) litir a sheoladh ó d'fhostóir/do d'fhostóirí chun a dheimhniú nach bhfuil íocaíocht á fáil agat.

nó

Má tháinig deireadh le fostaíocht do chéile/pháirtneára tar éis an 1ú Eanáir 2019, ní mór duit sonraí d'fhostaíochta scoir a phriontáil agus a sheoladh trí sheirbhís "moChuntas" ar shuíomh gréasáin na gCoimisinéirí Ioncaim.

nó

Má tá ceachtar agaibh fós ag fáil íocaíocht ó d'fhostóir/fhostóirí, ní mór duit/daoibh fótachóip de do dhuillín/dhuillíní pá is déanaí a chur chugainn.

	Méid	Minicíocht na híocaíochta			Ainm na híocaíochta	Fianaise faoi iamh
		Seachtainiúil	Gach coicís	Go míosúil		
Iarrthóir	€	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>		<input type="checkbox"/>
	€	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>		<input type="checkbox"/>
Céile nó páirtneír	€	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>		<input type="checkbox"/>
	€	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>		<input type="checkbox"/>

B. Tuarastal

C. Cad is gá duit féin agus nó do chéile / do pháirtí (más ann dóibh) a chur ar fáil má fhaigheann duine nó an bheirt agaibh pá?

F. Caithfidh tú fótachóip a sholáthar dod dhuillín pá is déanaí (dar dáta le 3 mhí anuas). Má tháinig deireadh le d' fhostaíocht tar éis 1ú Eanáir 2019, is féidir leat sonraí faoin bhfostaíocht sin a phriontáil trí sheirbhís "moChuntas" ar láithreán gréasáin na gCoimisinéirí Ioncaim. Má tá níos mó ná post amháin agat, cuir duillín pá ar fáil do gach post.

	Pá(cáin, ÁSPC agus MSU asbhainte)	Minicíocht na híocaíochta			Ainm an fhostóra	Fianaise faoi iamh
		Seachtainiúil	Gach coicís	Go míosúil		
Iarrthóir	€	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>		<input type="checkbox"/>
	€	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>		<input type="checkbox"/>
Céile nó páirtneír	€	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>		<input type="checkbox"/>
	€	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>		<input type="checkbox"/>

C. Ar ais ar scéim fostaíochta nó oideachais (mar shampla, Scéim Fostaíochta Pobail)

C. Cad is gá duit féin agus do chéile /do pháirtí (más ann dóibh) a chur ar fáil má tá duine nó an bheirt agaibh ar ais ar scéim fostaíochta nó oideachais?

F. Ní mór duit litir/litreacha ó mhaoriseoir(í) na scéime a chur ar fáil ina dtaispeánfar an dáta tosaigh agus an dáta deiridh measta, duit féin agus/nó do chéile / páirtí agus fótachóip de do dhuillín pá is déanaí (dar dáta le 3 mhí anuas).

	Cineál Scéime	Dáta tosaigh								An dáta críochnaithe measta								Fianaise faoi iamh
Iarrthóir		D	D	M	M	Y	Y	Y	Y	D	D	M	M	Y	Y	Y	Y	<input type="checkbox"/>
	Cineál Scéime	Dáta tosaigh								An dáta críochnaithe measta								Fianaise faoi iamh
Céile nó páirtneír		D	D	M	M	Y	Y	Y	Y	D	D	M	M	Y	Y	Y	Y	<input type="checkbox"/>

D. Féinfhostaithe

C. Cad is gá duit féin agus do chéile / do pháirtí (más ann dóibh) a chur ar fáil má tá duine nó an bheirt agaibh féinfhostaithe?

F. Gach leathanach den Fhógra um Measúnú is déanaí atá agat nó d'admháil ar Féinmheasúnú- ó na Coimisinéirí Ioncaim. Ba chóir go mbeadh Ríomh Tásach (RIC) na gCoimisinéirí Ioncaim ar na leathanaigh seo. Mura bhfuil an RIC san áireamh sa chomhfhreagras ó na Coimisinéirí Ioncaim, ní mór duit cóip den Tuairisceán Cánach Ioncaim is déanaí (Foirm 11) a chuir tú chuig na Coimisinéirí Ioncaim a chur isteach.

nó
má chuir na Coimisinéirí Ioncaim in iúl duit nach bhfuil aon GhlanDliteanas Cánach (NNL) agat maidir le d'ioncam féinfhostaíochta, tabhair sraith cuntas atá sínithe ag do chuntasóir

nó
má tá d'ioncam ó fhéinfhostaíocht liostaithe ar do Ráiteas um Dhliteanas, cuir an ráiteas seo chugainn, le do thoil

nó
má tá do ghnó ar oscailt níos lú ná bliain amháin, tabhair sraith cuntas atá sínithe ag do chuntasóir

nó
má tá deireadh tagtha le trádáil le do ghnólacht le déanaí, deimhnigh an dáta scoir

	Méid	Cineál fostaíochta	Fianaise faoi iamh
Iarrthóir	€		<input type="checkbox"/>
Céile nó páirtneir	€		<input type="checkbox"/>

E. Pinsean slándála sóisialta ó stát eile

C. Cad is gá duit féin agus do chéile nó do pháirtí a chur ar fáil má fhaigheann duine nó an bheirt agaibh pinsean den chineál seo?

F. Caithfidh tú fótachóip a sholáthar de do dhuillín pá/duillíní pá is déanaí dár dáta le 3 mhí anuas nó litir ó údarás stáit ina léirítear an méid a íocadh le 12 mí anuas.

	Méid	Minicíocht na híocaíochta			An tír a íocann an pinsean seo	Fianaise faoi iamh
		Seachtainiúil	Gach coicís	Go míosúil		
Iarrthóir	€	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>		<input type="checkbox"/>
Céile nó páirtneir	€	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>		<input type="checkbox"/>

F. Pinsean príobháideach nó pinsean gairme/ceirde

C. Cad is gá duit féin agus do chéile nó do pháirtí (más ann dó) a chur ar fáil má fhaigheann duine nó an bheirt agat pinsean príobháideach nó pinsean gairme/ceirde?

F. Ní mór duit fótachóip de cheann amháin díobh seo a leanas a sholáthar:

- 1) do dhuillín pá pinsin is déanaí dar dáta laistigh de 12 mhí nó
- 2) cóip de do shonraí fostaíochta is déanaí ar féidir leat í a phriontáil ó sheirbhísí “moChúrsaí” ar láithreán gréasáin na gCoimisinéirí Ioncaim nó
- 3) litir ó sholáthraí pinsin lena ndearbhaítear nach bhfuil an pinsean á íoc a thuilleadh. Má íocadh an pinsean i gcnapshuim, tá sonraí maidir leis an gcnapshuim a íocadh ón soláthraí pinsin ag teastáil uainn.

	Méid (Cáin, ÁSPC agus MSU asbhainte)	Payment frequency			Soláthraí pinsin	Fianaise faoi iamh
		Seachtainiúil	Gach coicís	Go míosúil		
Iarrthóir	€	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>		<input type="checkbox"/>
	€	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>		<input type="checkbox"/>
Céile nó páirtneir	€	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>		<input type="checkbox"/>
	€	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>		<input type="checkbox"/>

G. Íocaíocht chothabhála

C. Cad is gá duit féin nó do chéile nó do pháirtí (más ann) a chur ar fáil má fhaigheann duine nó an bheirt agaibh íocaíocht chothabhála?

F. Fianaise go bhfuarthas íocaíocht chothabhála ar ceann díobh seo a leanas:

- 1) ordú cúirte nó comhaontú cothabhála reatha. Má tá an comhaontú cothabhála níos sine ná 12 mí, ní mór duit freisin fianaise a chur chugainn maidir leis an méid atá á íoc, mar shampla ráiteas bainc atá dátaithe laistigh de 3 mhí anuas nó
- 2) litir shínithe ón duine a íocann an chothabháil ina sonraítear méid agus minicíocht na híocaíochta. Ní mór an litir seo a bheith dátaithe le 3 mhí anuas. nó
- 3) ráiteas bainc le déanaí (dar dáta le 3 mhí anuas agus áit a bhfuil ainm shealbhóir an chuntais le feiceáil) ina dtaispeántar 3 íocaíocht chothabhála nó níos mó atá á n-íoc ar feadh 3 mhí ar a laghad, i gcás inar léir gur íocaíocht chothabhála atá san ioncam

	Méid	Minicíocht na híocaíochta			Foinse ioncaim	Fianaise faoi iamh
		Seachtainiúil	Gach coicís	Go míosúil		
Iarrthóir	€	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>		<input type="checkbox"/>
Céile nó páirtneir	€	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>		<input type="checkbox"/>

H. Coigilteas agus infheistíochtaí

An bhfuil infheistíochtaí agatsa nó ag do chéile nó ag do pháirtí (más ann dóibh) i stoic, i scaireanna nó i gcoigilteas le bainc nó le cumainn fhoirgníochta nó le hinstitiúidí airgeadais eile?

Q. Cad is gá duit a chur ar fáil?

A. Fianaise ar do choigiltis agus infheistíochtaí atá ar cheann de na trí rogha seo a leanas:

1) ráitis a rinneadh le déanaí faoi na cuntais uile atá á gcoimeád i ngach institiúid airgeadais ina léirítear mionsonraí faoi choigilteas reatha agus faoi infheistíochtaí reatha

nó
2) deimhnithe úis do na cuntais uile atá á sealbhú (dar dáta laistigh den bhliain féilire dheireanach)

nó
3) 3cóip de do scairdheimhnithe reatha ina dtaispeántar scairshealbha má tá stoic nó scaireanna agat.

Luach reatha coigiltis agus scaireanna arna n-infheistiú nó arna sealbhú i gcoigilteas	Ainm agus seoladh airgeadais institiúid nuair a infheistítear nó nuair a thaisctear iad	An cineál coigiltis nó infheistíochtaí	Fianaise faoi iamh
€			<input type="checkbox"/>
€			<input type="checkbox"/>
€			<input type="checkbox"/>
€			<input type="checkbox"/>
€			<input type="checkbox"/>
€			<input type="checkbox"/>

Mura bhfuil dóthain spáis agat chun an chuid seo a chomhlánú, scríobh sonraí breise ar leathanach ar leith agus seol iad leis an bhfoirm chomhlánaithe seo.

I. Maoin sa bhreis ar theach an teaghlaigh

Léigh an t-alt seo má tá tú féin nó do chéile nó do pháirtneír (más ann) faoi úinéireacht aon mhaoine nó talún seachas an teach ina bhfuil cónaí ort, lena n-áirítear talamh nach n-úsáidtear go pearsanta. Tabhair an fhianaise atá á lorg.

C. Cad is gá duit a chur ar fáil?

F. Má tá do mhaoin bhreise (seachas do phríomháit chónaithe príobháideach) ar cíós ag duine eile, ní mór duit na cáipéisí seo a leanas a sheoladh chugainn:

Comhaontú tionóntachta reatha agus ráiteas bainc le déanaí (dar dáta laistigh de 3 mhí anuas agus i gcás ina bhfuil ainm shealbhóir an chuntais le feiceáil) ina dtaispeántar 3 lóisteáil nó níos mó d'ioncam cíosa a fuarthas ar feadh 3 mhí ar a laghad as a chéile

nó

Foirm luachála ó cheantálaí deimhnithe mura bhfuil do mhaoin bhreise ar cíós faoi láthair.

Má tá aon chostais a bhaineann le do mhaoin bhreise, mar shampla cosaint morgáiste agus morgáiste.

Tabhair fianaise ar na costais sin, le do thoil.

Seoladh iomlán na maoine agus na talún	Sonraí na talún agus na maoine (mar shampla, líon na seomraí leapa, líon na n-acra nó más aonad tráchtála atá i gceist, é sin a lua)	Ioncam bliantiúil nó luach maoine nó talún	Costais bhliantúla (mar shampla, morgáiste gan íoc)	Fianaise faoi iamh
		€	€	<input type="checkbox"/>
		€	€	<input type="checkbox"/>
		€	€	<input type="checkbox"/>
		€	€	<input type="checkbox"/>
		€	€	<input type="checkbox"/>

J. An bhfaigheann tú aon ioncam eile?

Q. Cad ba chóir duit fhéin agus/nó do chéile nó do pháirtí a chur ar fáil má tá duine amháin nó an bheirt agaibh ag tuilleamh aon ioncam eile?

A. Fianaise ar d'ioncam dearbhaithe (glacaimid le litir chun dáta ón soláthraí ioncaim nó le ráiteas bainc atá dátaithe le 3 mhí anuas agus ina bhfuil ainm shealbhóir an chuntais le feiceáil ina dtaispeántar 3 íocaíocht ioncaim nó níos mó).

	Méid	Payment frequency			Foinse ioncaim	Fianaise faoi iamh
		Seachtainiúil	Gach coicís	Go míosúil		
Iarrthóir	€	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>		<input type="checkbox"/>
Céile nó páirtneír	€	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>		<input type="checkbox"/>

Cuid 6 – Costais teaghlaigh

Agus fianaise ar do chostais teaghlaigh á seoladh chugainn, ná seol ach fótachóipeanna le do thoil. Ní sheolfar buncháipéisí ar ais.

A. Cíos

C. Cén fhianaise ar chíos ar chóir duit a chur ar fáil?

F. Ní mór duit fótachóip de cheann amháin díobh seo a leanas a sholáthar:

Do chomhaontú tionóntachta reatha

nó

Leabhar cíosa

nó

Comhaontú ÍCT (Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta)

nó

Litir ón tiarna talún.

Ní mór duit ráiteas bainc le déanaí a sheoladh chugainn freisin (dar dáta laistigh de 6 mhí anuas agus áit a bhfuil ainm shealbhóir an chuntais le feiceáil) ina dtaispeántar íocaíochtaí cíosa atá á n-íoc ar feadh 3 mhí ar a laghad as a chéile. Má tá tú ag seoladh leabhar cíosa chugainn, ní mór é a bheith dátaithe laistigh de 6 mhí anuas (áit a bhfuil ainm na dtionóntaí/Tiarna Talún le feiceáil) ina dtaispeántar cíós atá á íoc ar feadh 3 mhí ar a laghad as a chéile agus é sínithe ag an tiarna talún.

Méid	Minicíocht na híocaíochta			Fianaise faoi iamh
	Seachtainiúil	Gach coicís	Go míosúil	
€	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
€	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>

B. Morgáiste

C. Cén fhianaise ar d'íocaíochtaí morgáiste is gá duit a chur ar fáil?

F. Ní mór duit fianaise le déanaí a sheoladh chugainn maidir le ceann amháin de na nithe seo a leanas:

Ráiteas bainc (dar dáta le 6 mhí anuas agus áit a bhfuil ainm shealbhóir an chuntais le feiceáil) ina dtaispeántar ar a laghad 3 íocaíocht as a chéile, áit ar léir gur le haghaidh do mhorgáiste atá an íocaíocht nó

Ráiteas cuntais mhorgáiste (dar dáta le 6 mhí anuas agus áit a bhfuil ainm shealbhóir an chuntais le feiceáil) ina dtaispeántar ar a laghad 3 íocaíocht morgáiste as a chéile.

nó

Litir ó sholáthraí morgáiste dar dáta laistigh de 3 mhí anuas ina sonraítear an méid a aisíocann tú agus minicíocht na híocaíochta.

Méid	Minicíocht na híocaíochta			Fianaise faoi iamh
	Seachtainiúil	Gach coicís	Go míosúil	
€	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
€	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>

C. Cosaint mhorgáiste**C. Cén fhianaise ar do chuid íocaíochtaí um chosaint mhorgáiste ar chóir duit a chur ar fáil?**

F. Litir ó sholáthraí na cosanta morgáiste ina sonraítear méid agus minicíocht na haisíocaíochta (dátaithe le 12 mí anuas)

nó

Ráiteas bainc (dar dáta le 6 mhí anuas agus áit a bhfuil ainm na sealbhóirí cuntais le feiceáil) ina dtaispeántar ar a laghad 3 íocaíocht as a chéile, áit ar léir go bhfuil an íocaíocht le haghaidh cosaint mhorgáiste.

Méid	Minicíocht na híocaíochta			Fianaise faoi iamh
	Seachtainiúil	Gach coicís	Go míosúil	
€	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
€	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>

D. Árachas tí**C. Cén fhianaise ar d'árachas dóiteáin agus inneachair ar chóir duit a chur ar fáil?**

F. Litir bhliantúil ó sholáthraí árachais ina sonraítear méid agus minicíocht na haisíocaíochta (ba chóir í a dhátú laistigh de 12 mhí anuas)

nó

Ráiteas bainc a rinneadh le déanaí (dar dáta le 6 mhí anuas agus áit a bhfuil ainm shealbhóir an chuntais le feiceáil) ina dtaispeántar ar a laghad 3 íocaíocht as a chéile, áit a bhfuil sé soiléir gur le haghaidh árachas dóiteáin agus inneachair atá an íocaíocht.

Méid	Minicíocht na híocaíochta			Fianaise faoi iamh
	Seachtainiúil	Gach coicís	Go míosúil	
€	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
€	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>

E. Cúram leanaí**C. Cad ar chóir duit a chur ar fáil?**

F. Fianaise ar do chostais cúraim leanaí. Caithfidh sé seo a bheith ina litir, dátaithe agus sínithe laistigh de na 3 mhí dheireanacha ó do sholáthraí cúraim leanaí ina bhfuil mionchuntas ar an gcostas seachtainiúil nó míosúil.

nó

Má tá do leanbh clúdaithe faoin Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí, tabhair deimhniú ó do sholáthraí cúraim leanaí maidir leis an méid a íocann tú tar éis an fhóirdheontais cúraim leanaí a asbhaint.

Ní chuirfear costais chúram leanaí san áireamh ach amháin má tá tú féin agus do chéile nó do pháirtí araon ag obair.

Méid	Minicíocht na híocaíochta			Fianaise faoi iamh
	Seachtainiúil	Gach coicís	Go míosúil	
€	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
€	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>

F. Costais taistil chun na hoibre

C. Cad is gá duit a chur ar fáil?

F. Fianaise ar do chostais atá agat maidir le taisteal chun na hoibre (más ann dóibh). Cóip de do Dheimhniú Clárúcháin Feithicle nó de thicéid iompair poiblí. Deimhnigh seoladh na fostaíochta agus an fad a taistealaíodh gach seachtain i gciliméadar.

	Seoladh na fostaíochta	Tlompár a úsáidtear, mar shampla gluaisteán, bus nó traein	Má úsáideann tú carr, líon isteach an fad a thaistealaíonn tú i gciliméadar gach seachtain	Má úsáideann tú córas iompair poiblí, líon isteach an costas seachtainiúil	Fianaise faoi iamh
Iarrthóir					<input type="checkbox"/>
Céile nó páirtneir					<input type="checkbox"/>

G. Costais chothabhála (más ábhartha)

C. Cad is gá duit a chur ar fáil?

F. Fianaise ar íocaíocht chothabhála atá á híoc agatsa agus ag do chéile nó do pháirtí.

Glacaimid le ceann acu seo a leanas:

1) Ordú cúirte nó comhaontú cothabhála reatha. Má tá an comhaontú cothabhála níos sine ná 12 mhí, ní mór duit fianaise ar an méid atá á íoc a chur chugainn freisin, mar shampla ráiteas bainc atá dátaithe laistigh de 3 mhí anuas.

nó

2) Litir shínithe ón duine a fhaigheann an chothabháil ina sonraítear méid agus minicíocht na híocaíochta. Ní mór an litir seo a bheith dátaithe le 3 mhí anuas.

nó

3) Ráiteas bainc le déanaí (dar dáta le 3 mhí anuas agus áit a bhfuil ainm shealbhóir an chuntais le feiceáil) ina dtaispeántar 3 íocaíocht chothabhála nó níos mó atá á n-íoc ar feadh 3 mhí ar a laghad, i gcás inar léir gur íocaíocht chothabhála é an t-ioncam.

Méid	Minicíocht na híocaíochta			Fianaise faoi iamh
	Seachtainiúil	Gach coicís	Go míosúil	
€	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
€	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>

H. Costais tí altranais**C. Cad is gá duit a chur ar fáil?**

F. Fianaise ar an gcostas a íocann tú duit féin agus/nó cúram tí altranais príobháideach do pháirtí nó do chéile. Is féidir gur litir ó do theach altranais í seo ina sonraítear costas táillí tí altranais.
nó

Fianaise ar an gcostas a bhaineann le cúram tí altranais príobháideach agus deimhniú duit féin agus/nó do pháirtí nó do chéile ranníocaíocht i dtreo an Scéim um Thacaíocht Thithe Altranais. D'fhéadfadh an fhianaise seo a bheith ina litir ón teach altranais ina dtugtar mionchuntas ar chostas agus litir ó FSS ina leagtar amach ranníocaíocht na Scéime (Cothraim na Féinne).

	Ainm agus seoladh an tí altranais	An méid a d'íoc tú	Minicíocht na híocaíochta			Fianaise faoi iamh
			Seachtainiúil	Gach coicís	Go míosúil	
Iarrthóir		€	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>		<input type="checkbox"/>
Céile nó páirtneir		€	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>

I. Costais leighis**C. Cad is gá duit a chur ar fáil?**

F. Tabhair sonraí faoi do bhreiteacht nó faoi na tinnis atá ort, agus faoi na costais a bhaineann leo. Tabhair fianaise ar na costais sin (billí, sonraisc agus admhálacha)

Sonraí maidir le tinneas	Costais le 12 mhí anuas	Fianaise faoi iamh
	€	<input type="checkbox"/>

Aon fhaisnéis leighis ábhartha eile a mheasann tú a d'fhéadfadh cabhrú le d'iarratas:

Cuid 8: Fógra um Chosaint Sonraí

Déileálfaidh FSS leis an bhfaisnéis phearsanta uile a chuirfidh tú ar fáil mar chuid den iarratas seo mar fhaisnéis rúnda agus déanfaidh sí í a stóráil go daingean. Nuair a fhaigheann FSS d'fhoirm iarratais agus aon chaipéis tacaíochta, déanfaidh sí taifead ríomhaire i d'ainm(neacha). Beidh an fhaisnéis ábhartha phearsanta a chuir tú féin agus do chéile/páirtí (más ábhartha) ar fáil sa taifead sin.

Coinneoidh FSS an taifead seo díreach chun d'iarratas ar Chárta Cuairte Dochtúra a phróiseáil. Féadfaidh FSS do chuid sonraí a úsáid chun teagmháil a dhéanamh leat nó le do chéile/páirtí (más ann dóibh) maidir le hincháilitheacht faoin Scéim, agus/nó chun éilimh ar sheirbhísí a soláthraíodh duit a fhíorú bunaithe ar incháilitheacht a bronnadh. Ní roinnfidh FSS an fhaisnéis phearsanta atá tugtha agat dúinn le haon duine ná le eagraíocht eile ach amháin má thugann an té lena mbaineann a gcead nó sa chás go mbíonn ar FSS é sin a dhéanamh de réir dlí.

Tá ráiteas príobháideachais FSS ar fáil ar www.hse.ie.

Ciallaíonn SACP an tSeirbhís Aisíocaíochta Cúraim Phríomhúil.

Ná déan dearmad an fhoirm chomhlánaithe agus sínithe, mar aon le fótachóipeanna de na fianaise atá ag teastáil, a sheoladh chuig:

Aonad Náisiúnta na gCártaí Leighis
Bosca PO 11745
Baile Átha Cliath 11

Táimid ag súil le d'iarratas a phróiseáil chomh tapa agus is féidir.